C/2023/1573

18.12.2023

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.11346 — EIFFAGE GROUP / SALVIA HOLDING / SALVIA GROUP)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2023/1573)

1. An 7 Nollaig 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Eiffage Énergie Systèmes — Participations SAS ('Eiffage', an Fhrainc),

— Salvia Holding GmbH ('Salvia Holding', an Ghearmáin),

— Salvia Group GmbH ('Salvia Group', an Ghearmáin), atá faoi rialú Salvia Holding.

Gheobhaidh Eiffage agus Salvia Holding rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Salvia Group.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is grúpa tógála agus lamháltas Francach é Eiffage atá ag feidhmiú sna príomhlínte gnó seo a leanas: (i) tógáil, (ii) bonneagar, (iii) lamháltais agus (iv) córais fuinnimh,

— Tá Salvia Holding ag feidhmiú sa Ghearmáin sna hearnálacha tíleála, pleanála imeachtaí agus óstáin/bainistíochta giomnáisiam,

— Cuireann Salvia Group seirbhísí teicniúla ar fáil sa Ghearmáin le linn shaolré na bhfoirgneamh agus na saoráidí, ó chéim na pleanála go dtí an chothabháil, go háirithe trealamh teicniúil foirgneamh a phleanáil agus a shuiteáil, cothabháil ghaolmhar (bainistíocht saoráidí teicniúla) agus bainistiú tionscadal.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11346 — EIFFAGE GROUP / SALVIA HOLDING / SALVIA GROUP

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË